Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**13319/25**

**ENER 466**
**COMPET 927**
**CLIMA 373**
**PROCIV 120**
**ENV 902**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An leictriú mar spreagadh d'aistriú iomaíoch glan – Seisiún tuairimíochta |

I bhfianaise na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Fuinneamh) an 20 Deireadh Fómhair 2025, gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, an nóta cúlra ón Uachtaránacht maidir le leictriú mar spreagadh d'aistriú iomaíoch glan.

**Comhthéacs**

Tá an earnáil thionsclaíoch ar cheann de na tomhaltóirí fuinnimh is mó, arb ionann í agus 25 faoin gcéad den tomhaltas fuinnimh iomlán san Aontas. Tá an earnáil sin fós ag brath go mór ar bhreoslaí iontaise, agus ba uathu sin a gineadh níos mó ná leath den fhuinneamh a d’úsáid an earnáil in 2023[1]. Léirigh an ghéarchéim fuinnimh a bhí ann le déanaí agus an luaineacht praghsanna nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo go bhfuilimid ag brath ar allmhairí breosla iontaise, rud a fhágann go bhfuil na tionscail dianfhuinnimh leochaileach. De réir mar a threisíonn an iomaíocht dhomhanda, tá dlúthbhaint ag iomaíochas agus athléimneacht thionsclaíocht na hEorpa amach anseo lena cumas dícharbónú a dhéanamh trí dheireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise agus fuinneamh glan Eorpach níos éifeachtúla a chur ina n-ionad. Tháinig sé sin sna sála ar thuarascáil Draghi agus ar Chomhaontú an Choimisiúin maidir le Tionsclaíocht Ghlan.

D’fhéadfadh an leictriú a bheith ina phríomhspreagadh do thionsclaíocht níos athléimní, níos iomaíche agus níos aeráidneodraí. Trí fheabhas a chur ar chumas an tionscail freagairt ar chomharthaí praghais agus tomhaltas fuinnimh a bhainistiú ar bhealach solúbtha, ní hamháin go neartaítear a iomaíochas, ach cuirtear freisin le stóinseacht agus éifeachtúlacht fhoriomlán an chórais fuinnimh.

Leagtar béim sa Phlean Gníomhaíochta ón gCoimisiún um Fhuinneamh Inacmhainne[2] ar an ngá atá le méadú suntasach ar fhuinneamh glan agus leictriú, agus éifeachtúlacht fuinnimh ina chroílár. Ina dhiaidh sin, táthar ag súil go dtíolacfaidh an Coimisiún plean gníomhaíochta leictriúcháin sa chéad ráithe de 2026, ina leagfar amach na chéad chéimeanna eile is gá chun an leictriú a chur chun cinn.

---

1 Eurostat (2023): *Final energy consumption in industry - detailed statistics* [Tomhaltas deiridh fuinnimh in earnáil na tionsclaíochta - staidreamh mionsonraithe].

2 COM(2025) 79 final.

Cruthaíonn sé sin deis thráthúil chun dearcthaí a mhalartú maidir leis an gclár oibre leictriúcháin agus chun ionchur a chur ar fáil don Choimisiún sula gcuirfear an plean gníomhaíochta i láthair. Is príomhspreagadh don dícharbónú in earnáil an iompair agus in earnáil an téimh é an leictriú freisin. Ós rud é go bhfuil deiseanna agus dúshláin éagsúla i gceist le leictriú na n-earnálacha éagsúla agus, dá bhrí sin, réitigh bheartais éagsúla, tá gá le cur chuige anailíseach gráinneach. Dá bhrí sin, díreofar sa phlé sin ar leictriú tionsclaíoch, ós rud é gur dúshlán thar a bheith práinneach é an t-iomaíochas tionsclaíoch.

Baineann an díospóireacht ar chreat iar-2030 freisin le meascán iomchuí cur chuige a áirithiú lenar féidir dul chun cinn a spreagadh ar bhealach costéifeachtach agus, ag an am céanna, spás a fhágáil don nuálaíocht agus do shainiúlachtaí náisiúnta. Chuige sin, ní mór cothromaíocht a bhaint amach idir socrú spriocanna agus solúbthacht rialála. I bhfianaise a phráinní atá sé dlús a chur leis an aistriú ó bhreoslaí iontaise go fuinneamh glan, is é is aidhm don phlé a rinneamar creat iomchuí a shainaithint chun leictriú costéifeachtach a chur chun cinn sna tionscail is mó acmhainneacht agus aghaidh a thabhairt ar bhacainní a d’fhéadfadh a bheith ann.

**<u>Acmhainneacht maidir le leictriú tionsclaíoch</u>**

Léirítear sna hanailísí éagsúla go bhféadfadh an acmhainneacht theicniúil maidir le leictriú díreach san Eoraip a bheith idir 60 agus 90 faoin gcéad den éileamh iomlán ar fhuinneamh tionsclaíoch faoi 2035[3]. Is éard atá i gceist leis an aistriú sin roghanna malartacha leictreacha a chur in ionad na bpróiseas atá bunaithe ar bhreoslaí iontaise. Is féidir níos mó ná 60 faoin gcéad den éileamh sin a chomhlíonadh cheana féin le teicneolaíochtaí atá ann cheana, mar shampla, coirí leictreacha, teaschaidéil agus stuafhoirnéisí leictreacha. Mar sin féin, chun an acmhainneacht sin a bhaint amach, ní mór na coinníollacha cearta cumasúcháin a bheith i bhfeidhm. Áirítear orthu sin infheistíochtaí, dreasachtaí éifeachtacha agus úsáid agus leathnú éifeachtúil na heangaí leictreachais.

---

3 Giuli, M. (2024): Direct electrification of industrial process heat: An assessment of technologies, potentials and future prospects for the EU, Agora Industry, 11. Nollaig.

Ag an am céanna, ba cheart iarrachtaí breise a dhéanamh chun dlús a chur leis an nuálaíocht le haghaidh réitigh leictrithe i bpróisis ardteochta, agus na dálaí cearta á mbunú ag an am céanna le haghaidh na bpróiseas ar deacair iad a leictriú fós chun úsáid chostéifeachtach a bhaint as conairí dícharbónaithe eile. Thairis sin, ní mór leictreachas a bheith ina fhoinse inacmhainne soláthair d'earnáil na tionsclaíochta agus d'earnálacha éilimh eile chun leictriú a mheas. Chuige sin, ní mór iarrachtaí a mhéadú maidir le bearta feabhsaithe chun iomaíochas an leictreachais a fheabhsú, mar shampla, dlús a chur le húsáid foinsí dúchasacha ísealchostais imeallaigh, ar nós foinsí in-athnuaite fuinnimh agus fuinneamh núicléach, agus an eangach a neartú agus an acmhainneacht stórála a leathnú chun costais fhoriomlána an chórais a laghdú.

**<u>Creatchoinníollacha chun glacadh an leictrithe a spreagadh</u>**

Is minic a bhíonn caiteachas caipitil tosaigh substaintiúil (CAPEX) i gceist le hinfheistíochtaí sa leictriú agus sa tsolúbthacht. Áirítear orthu sin, de ghnáth, an trealamh agus an bonneagar atá ann cheana a uasghrádú nó a athsholáthar le roghanna malartacha a chumhachtaítear go leictreach. Dá bhrí sin, éilíonn leictriú maoiniú príobháideach agus poiblí araon chun an bhearna infheistíochta a dhúnadh agus chun claochlú tionsclaíoch a dhreasú ar scála.

Le Creat Státchabhrach an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan (CISAF) a glacadh le déanaí, réitíodh cuid den bhealach chun an riosca a bhaineann le hinfheistíochtaí príobháideacha i dteicneolaíochtaí glana agus i ndícharbónú tionsclaíoch a laghdú. Cumasaítear leis úsáid uirlisí poiblí ar nós ráthaíochtaí, iasachtaí agus cothromas chun caipiteal príobháideach a mhealladh le haghaidh na dtionscadal lena gcuirtear dlús leis an aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de agus, ag an am céanna, iomaíochas domhanda thionsclaíocht na hEorpa a choinneáil agus praghsanna leictreachais a ísliú.

Táthar ag súil go mbeidh ról lárnach ag an mBanc um Dhícharbónú Tionsclaíoch, atá ar na bacáin, maidir le haistriú thionsclaíocht na hEorpa i dtreo roghanna malartacha leictrithe a éascú. Trí iasachtaí, deontais agus ráthaíochtaí ísealchostais a sholáthar, táthar ag súil go laghdóidh an Banc an riosca a bhaineann leis an infheistíocht. De réir mar a thagann athrú ar an gcreat, is gá fós a mheas an bhfuil gá le hionstraimí airgeadais breise nó le sásraí tacaíochta breise chun dlús a chur leis an nglacadh.

Ina theannta sin, tá cinntí maidir le leictriú tionsclaíoch ag brath ar chostais oibriúcháin níos ísle (OPEX) agus próisis á reáchtáil le leictreachas seachas breoslaí iontaise. Braitheann sé sin den chuid is mó ar an mbearna idir praghsanna leictreachais agus gáis, agus ar thosca eile freisin, ar nós solúbthachta.

Cé go bhfuil acmhainneacht solúbthachta theoranta ag go leor tionscal, má chuirtear feabhas ar chumas an tionscail freagairt ar chomharthaí praghais dinimiciúla agus páirt a ghlacadh i margaí solúbthachta trí thomhaltas fuinnimh a bhainistiú le solúbthacht oibríochtúil, is féidir cuidiú le costais oibríochtúla a laghdú agus sruthanna ioncaim nua a chruthú, agus ag an am céanna, rannchuidiú le cobhsaíocht agus iontaofacht an chórais leictreachais a fheabhsú. Fiú amháin tionscail a bhfuil dúshláin rompu maidir le táirgeadh a oiriúnú, is féidir leo infheistíochtaí a dhéanamh chun iad a shárú, ar nós infheistíochtaí in ardáin sonraí, ceallraí ar an láthair nó stóráil teasa. Is féidir leis na sócmhainní breise sin rannchuidiú le ham aisíoca na n-infheistíochtaí leictriúcháin a laghdú.

Tá dul chun cinn tábhachtach déanta ag an athchóiriú a rinne an tAontas ar Dhearadh an Mhargaidh Leictreachais 2024 ó thaobh solúbthacht a chur chun cinn. Áirithítear leis rochtain ar an margadh don tionscal agus do chomhbhailitheoirí, tugtar sainordú do mheasúnuithe náisiúnta ar riachtanais solúbthachta, agus osclaítear sásraí acmhainneachta d’acmhainní solúbtha neamh-iontaise. Neartaítear leis freisin ról na gcomhbhailitheoirí agus cuireann sé margaí solúbthachta áitiúla chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar shrianta eangaí.

Faoin 30 Meitheamh 2026, táthar ag súil go ndéanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an Rialachán. Tugann sé sin deis chun a mheas an bhfuil gá le bearta breise chun dreasachtaí le haghaidh leictriú tionsclaíoch agus solúbthacht thionsclaíoch atá costéifeachtach a neartú a thuilleadh.

**Príomhcheisteanna le plé**

1. Conas is fearr is féidir linn an creat ceart a áirithiú chun an tionsclaíocht a leictriú ionas go dtacóimid leis na dreasachtaí cearta chun infheistíocht a dhéanamh agus táirgeadh a thiontú, agus ag an am céanna, ligean dóibh freagairt ar chomharthaí praghais agus tomhaltas solúbtha a úsáid?

2. Cad iad na hearnálacha nó na tionscail is mó a bhfuil acmhainneacht acu maidir le mearleictriú agus cad iad na bearta sonracha ba cheart a ghlacadh le straitéis leictriúcháin an Choimisiúin amach anseo chun tacú leis an leictriú tionsclaíoch?